

**COMHAIRLE CHONTAE LUGHAÍ**

**LOUTH COUNTY COUNCIL**



**CONTAE LUGHAÍ**

**(TEORAINNEACHA LUAIS BHÓITHRE NÁISIÚNTA)**

**FODHLÍTHE 2007**

# CONTAE LUGHAÍ

## TEORAINNEACHA LUAIS BHÓITHRE NÁISIÚNTA

### FODHLÍTHE 2007

Déanann Comhairle Chontae Lugháí i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a bronnadh orthu ag alt 9 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2004 (Uimh. 44 de 2004), agus le cead an Údarás um Bóithre Náisiúnta, leis seo na fodhlíthe seo a leanas i ndáil le limistéar a chuimsíonn limistéar feidhmiúil Chontae Lugháí.

- |                |  |
|----------------|--|
| Gearrtheideal  | 1. Féadfar Fodhlíthe Teorainneacha Luais Bhóithre Náisiúnta Chontae Lugháí, 2007 a thabhairt ar na fodhlíthe seo.  |
| Tosach feidhme | 2. Tiocfaidh na fodhlíthe seo i bhfeidhm an 15ú lá Lúnasa, 2007.   |
| Léiriú         | 3. Sna fodhlíthe seo:<br><br>ciallaíonn “Acht 1963” an tAcht um Bóithre, 1993 (Uimh. 14 de 1993);<br><br>ciallaíonn “Acht 2004” an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2004 (Uimh. 44 de 2004);<br><br>tá ag “limistéar faoi fhoirgnimh” an bhrí a shanntar dó ag Acht 2004<br><br>ciallaíonn “fad” fad mar a thomhastar é feadh lárline bóthair;<br><br>ciallaíonn “an tAire” an tAire Iompair;<br><br>tá ag “mótarbhealach” an bhrí a shanntar dó ag Acht 1993;<br><br>tá ag “bóthar náisiúnta” an bhrí a shanntar dó ag Acht 1993;<br><br>ciallaíonn “bóthar imlíneach” bóthar ar agus feadh mótarbhealaigh a ritheann teorainn limistéir faoi fhoirgnimh tadhlaigh leis;<br><br>ciallaíonn “bóthar” bóthar poiblí agus áirítear air mótarbhealach; |

4. Caoga ciloméadar san uair a bheidh an teorainn luais speisialta do fheithiclí innealghluaiste ar na bóithre agus mótarbhealaí arna sonrú sa Chéad Sceideal leis na fodhlíthe seo.
5. Seasca ciloméadar san uair a bheidh an teorainn luais speisialta do fheithiclí innealghluaiste ar na bóithre agus mótarbhealaí arna sonrú sa Dara Sceideal leis na fodhlíthe seo.
6. Ochtó ciloméadar san uair a bheidh an teorainn luais speisialta do fheithiclí innealghluaiste ar na bóithre agus mótarbhealaí arna sonrú sa Tríú Sceideal leis na fodhlíthe seo.
7. Céad ciloméadar san uair a bheidh an teorainn luais speisialta do fheithiclí innealghluaiste ar na bóithre agus mótarbhealaí arna sonrú sa Cheathrú Sceideal leis na fodhlíthe seo.
8. Céad fiche ciloméadar san uair a bheidh an teorainn luais speisialta do fheithiclí innealghluaiste ar na bóithre agus mótarbhealaí arna sonrú sa Chúigiú Sceideal leis na fodhlíthe seo.

# **AN CHÉAD SCEIDEAL**

**Níorbh ann**

## **AN DARA SCEIDEAL**

**Níorbh ann**

# **AN TRÍÚ SCEIDEAL**

**Níorbh ann**

# AN CEATHRÚ SCEIDEAL

**Níorbh Ann**

## AN CÚIGIÚ SCEIDEAL

Bóithre agus mótarbhealaí i gContae Lúghaí a n-ordaítear teorainn speisialta luais de 120 ciloméadar san uair i ndáil leo.

1. An bóthar ó Bhaile Átha Chliath go Béal Feirste, Bóthar Náisiúnta N1 ón tosach ag deireadh an mótarbhealaigh M1 ag Fochaird Íochtarach, Dún Dealgan, go dtí an Teorann Náisiúnta ag Chorr an Charnáin.